




An tSeirbhís Chúirteanna
Courts Service

Teach Cúirte Phort Láirge



(Na grianghraif i ndath le caoinchead ó Peter Moloney Photography)

Fiosruithe

Oifig Cúirte Phort Láirge

Teach na Cúirte, Sráid San Caitriona, Port Láirge.

Teil: +353 51 87 4657

Facs: +353 51 87 6084 / 87 6852

R-phost: waterfordcourtoffice@courts.ie

Uaireanta oscailte na hOifige:

Dé Luain go dtí an Aoine:

10.00 r.n. - 1.00 i.n.

agus

2.00 i.n. - 4.30 i.n.

Foilsithe ag

Oifig Eolais na Seirbhíse Cúirteanna

www.courts.ie

Aibreán 2018



An tSeirbhís Chúirteanna
Courts Service



Gabhann Teach Cúirte Phort Láirge siar a fhad le 1849, tráth a rinne an t-ailtire J B Keane é a dheardh. Tá sé suite ar shuíomh Phríóireacht Agaistíneach Naomh Caitriona ón 12ú haois a leagadh na cianta ó shin. Tá an teach cúirte ar liosta foirgneamh lena mbaineann tábhacht náisiúnta ar Fhald Náisiúnta na hOidhreacht Ailtireachta. Tá an teach cúirte suite i bhfearann páirce aibí a imíonn le fána réidh anuas a fhad le habhainn a shníonn ar thrí thaobh den fhoirgneamh. Is dócháil gurb é a aghaidh thosaigh eibhir nuachlásaiceach an ghné is tábhachtaí atá aige.

Tháinig fíor-dhrochbhail ar an mbunfhoirgneamh faoi thráth déanach sna 1970idí. Mar gheall ar sin, ba ghá dhá thrian de bhunfhoirgneamh Keane a leagan in 1977. Níorbh ann ina dhiaidh sin ach an aghaidh thosaigh agus creatlach an dá sheomra cúirte agus an tslí dála a cheanglaíonn iad. Rinneadh an t-athchóiriú reatha go cúramach chun an leagan amach lárnach spásanna seo a choimeád agus a fheabhsú.

Dearadh an fhoirgnimh

Ba é an príomhchur chuige a ghlac ailtirí an tionscadail reatha an teach cúirte a aischur mar ‘teach mór i bhfearann páirce’, nach dtagann salach ar an mbunshuíomh a cheap Keane in 1849.



Cuireadh síneadh ó thuaidh leis an déanamh atá ann go fóill ina bhfuil ceithre airde a bhfuil comhréireanna clasaiceacha acu. Tá anois ar phlánaí thiar agus thoir an fhoirgnimh reatha aghaidheanna comhaimseartha, agus athchruthaíonn seo rud ar a dtugann scoláirí ailtireachta ‘bloc ciúbach dúnta soladach na huaimhíne Nuachlasaici’ a bhí le tabhairt faoi deara ar thithe cúirte ón ré sin. Tá anois sa ‘bloc ciúbach’ nuachruthaithe 6,000 méadar cearnach de chóiríocht, sé sheomra cúirte ina measc.

Sháraigh an chóiríocht nua an dúshlán chun dearadh a chruthú nach mór dó ómós a léiriú do mhír sheasta Keane, seachas baint di. Tá cuma oscailte agus fháilteach air agus déanann sé *gravitas* a chur in iúl atá oiriúnach do riar an chirt mar ghníomh sollúnta. Spreagann an toradh deiridh muinín ach níl sé bagrach in aon chor agus tá sé trédhearcach, ach soladach, fós féin. Ábhair mharthanacha inbhuanaithe – úsáidtear eibhear, copar, gloine agus dair ar fud an choimpléisc, agus roghnaíodh na hábhair seo chun cuspóir cathartha ardchaighdeán a thabhairt le fios, agus chun gnéithe nua a chomhtháthú go báuil leis an gcreatlach stairiúil.

Chruthaigh na hailtirí plás poiblí nua atá pábháilte le heibhear ar Shráid San Caitriona ar shuíomh an iar-stáisiúin dóiteáin.

Tá sé in ainm is láithreach chathartha a bheith aige a chuireann in iúl gurb é an príomhbhealach isteach nua, ach gan baint d’aghaidh chlasaiceach an tí cúirte



bhunúil. Bunaíonn an plás suíomh d’aghaidh an príomhbhealaigh iontrála nua phoiblí atá go hiomlán inrochtana.

Tugann an chuma cholúnrach atá ar an aghaidh seo aitheantas do phóirseáid Keane ó dheas.

Ar an taobh istigh, tá an chóiríocht eagraithe timpeall ar spás lárnach cruinn ina bhfuil go leor solais – aitriam 4 stór a théann in airde a fhad le druma gléstoír coparchumhdaithe. Bronnann an spás cruinn beocht ar chroí an ‘bhloic chiúbaigh’ nua. Déanann an t-aitriam suntasach seo na foirgnimh reatha agus nua a chomhtháthú isteach i bhfoirgneamh soiléir iomlán. Tá na bealaí isteach chuig na 6 seomra cúirte uile le feiceáil ón aitriam. Tá an t-aitriam seo inrochtana do chách agus gníomhaíonn sé anois mar an bpríomhspás treorach atá oscailte agus neamhbhragach. Is éasca an coimpléasc a thuiscint agus bealach a dhéanamh timpeall air.



Ar an iomlán, chinntigh an cur chuige a glacadh nach dtagann na gnéithe nua agus seanghnéithe salach ar a chéile, ina ionad sin, tá gaol leanúnachais eatarthu a n-éiríonn leis cothromaíocht a bhaint amach idir meas a léiriú ar chomhthéacs agus na gnéithe nua a shainaithe mar ghnéithe nua.

Rinne seo stádas Theach Cúirte Phort Láirge a dheimhniú mar fhoirgneamh lena mbaineann tábhacht náisiúnta.